RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/458 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2021

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou) (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhua na chéad fhomhíre d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Gréige ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou), atá cláraithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1250/2011 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin ([3]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós rud é nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas freasúra don Choimisiún, ní mór an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou) (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1250/2011 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2011 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (Πατάτα Νάξου (Patata Naxou) (TGFC)) (IO L 319, 2.12.2011, lch. 41).
([3]) IO C 383, 13.11.2020, lch. 12.